



Gníomhaíocht shamplach chun scileanna seicheamhú tascanna a fhorbairt

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de sheimineár gréasáin FGL 2020/2021 "Scileanna Bainistíocht Tionscadail a Fhorbairt sa Teicneolaíocht Fheidhmeach" a bhí ar siúl ar an 2 Samhain 2020. Is féidir na hábhair uile a úsáideadh le linn an tseimineáir ghréasáin seo a fheiceáil i rannán na dTeicneolaíochtaí de www.jct.ie laistigh de thíl na gCeardlann Roghnach

Nasc Suíomh Gréasáin:

https://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_applied_technology_elective_workshops

Le linn an tseimineáir ghréasáin, mheas lucht freastail an cuspóir atá le scileanna seicheamhú tascanna a fhorbairt mar chuid de phróiseas bainistíocht tionscadail. Léiríonn na heispéiris foghlama thíos cur chuige múinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí i leith deiseanna a chur ar fáil do scoláirí chun scileanna bainistíocht tionscadail a fhorbairt. Fiosraíonn na gníomhaíochtaí seo conas is féidir le scoláirí tascanna a bhriseadh síos ina sraith de chéimeanna seicheamhacha.

Cad atá san áireamh sa PDF seo?

San acmhainn seo, tá trí ghníomhaíocht shamplacha á moladh atá dírithe ar scileanna seicheamhú tascanna a fhorbairt.

- Tasc 1 – Tá an saol lán de thionscadail
- Tasc 2 – Seicheamhú a thuiscint
- Tasc 3 – Seicheamhú a thuiscint

Buíochas mór leis na múinteoirí agus leis na scoláirí a chinntigh go gcuirfí an acmhainn seo ar fáil d'fhoireann Theicneolaíocht Fheidhmeach.

Nóta: Moltar duit féachaint ar an seimineár gréasáin roghnach chun cuspóir na hacmhainne seo a chur i gcomhthéacs



Tasc 1

Sa tasc seo, gheobhaidh muid amach go bhfuil an saol lán de thionscadail, cuid acu a dhéanaimid sa bhaile nó cuid acu a dhéanaimid ar scoil. Scrúdaíonn an straitéis seo ár dtuiscint ar an méid atá i gceist le bainistíocht tionscadail agus an chaoi a mbíonn bainistíocht tionscadail i gceist in go leor gnéithe dár saol.

Céim 1:

Breathnaigh ar an bhfíseán ['Próiseas Bainistíocht Tionscadail'](#)





Céim 2:

Déan plé agus díospóireacht le do scoláirí ar "Cad is bainistíocht tionscadail ann?".
D'fhéadfadh na scoláirí an plé a ghabháil ar dhóigh fhísiúil trí mheabhairmhapa a úsáid.



Céim 3:

Cruthaigh liosta de roinnt tascanna / gníomhaíochtaí a dhéanann tú sa bhaile agus ar scoil

 Tascanna Saoil sa Bhaile	 Tascanna Saoil ar Scoil

Céim 4:

Conas is féidir le do thaithí ar bhainistíocht tascanna sa bhaile cabhrú leat nuair a bhíonn tionscadail á mbainistiú i seomra ranga na Teicneolaíochta Feidhmí?

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí Seicheamhú a Thuiscint - Tasc 2



Tasc 2

Sa ghníomhaíocht seo, táimid ag dul a fháil amach conas tasc a bhriseadh síos i sraith de chéimeanna. Tá sé an-úsáideach agus tú ag tabhairt faoi thionscadail chasta an tionscadal a bhriseadh síos i gcéimeanna níos lú. Tabharfaimid aghaidh ar an tasc seo i dtrí chéim:

Céim 1:

Ar dtús, caithfidh muid **ár sprioc a shocrú**, mar shampla, cupa tae a dhéanamh.

Céim 2:

Liostaigh **na comhábhair agus an trealamh** atá riachtanach chun cupa tae a dhéanamh.

Comhábhair	uisce, mála tae, bainne
Trealamh	citeal, cupán, spúnóg



Céim 3:

Anois caithimid sraith de thascanna a chruthú chun an ghníomhaíocht seo a chur i gcrích. Anseo chuir muid an fhaisnéis seo in iúl ag úsáid sreabhchairt shimplí agus ag díriú ár n-airde ar sheicheamh ceart.

D'fhéadfadh scoláirí sreabhchairt shimplí a tharraingt ar pháipéar nó Cumhachtphointe a úsáid chun a sreabhchairt a chruthú.



An bhfuil seicheamh eile ann a d'fhéadfá a shamhlú?

Cé mhéad céim a ghlacann sé ort cupa tae a dhéanamh?

An bhfuil seicheamh na gcéimeanna tábhachtach?

An bhfuil aon rud a d'fhéadfá a chur leis an tsreabhchairt, siúcra a chur ann, cuir i gcás?

An bhfuil bealaí eile ann ar féidir linn seicheamhú a chur in iúl ar bhealach físiúil chun tascanna a sceidealú?



Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí Seicheamhú a Thuiscint – Tasc 3



Tasc 3

Seicheamhú i seomra ranga na Teicneolaíochta Feidhmí.

Sa tasc seo, iarrtar ar an scoláire a chuid eolais a chur i bhfeidhm ón dá ghníomhaíocht roimhe seo. Anseo úsáidimid comhartha stop aicrileach chun an tasc seicheamhaithe seo a dhéanamh. De rogha air sin, d'fhéadfá rud den chineál céanna a úsáid ó do sheomra ranga féin



Comhartha Stop Aicrileach

Céim 1

Smaoinigh ar an gcomhartha stop a thaispeántar san íomhá agus bris síos na céimeanna chun an chuid seo a athrú ina thascanna beaga, m.sh. marcáil amach, druileáil, gearradh, múnlú, srl.

Céim 2

Cuir seicheamh na dtascanna in ord ionas gur féidir iad a dhéanamh san ord is éifeachtúla



Céim 3

D'fhéadfadh scoláirí na príomhchéimeanna i ndéantúsaíocht na míre seo a chur in iúl ag baint úsáid as léiriú amhairc den seicheamh, m.sh. ag baint úsáid as sreabhchairt líneach shimplí.

Pointe Tosaigh

Céim 1 – Próiseas

Céim 2 – Próiseas

Céim 3 – Próiseas

Pointe Críochnaithe

Sreabhchairt Líneach 1

Cad é a dhéanann tú ar dtús?

Cad iad na príomhchéimeanna i ndéantúsaíocht na míre seo?

Cad é an seicheamh a bheadh ann?

An raibh seicheamh difriúil ag duine ar bith sa rang?

Cén seicheamh ab' éifeachtaí?

An bhfuil sé tábhachtach seicheamh tionscadail a phleanáil?

Conas a chabhraíonn sé seo leat ó thaobh bainistiú ama de?

Tóg Sos & Déan
Machnamh

